

Rannóg Pholasaí, Cháilíochtaí,  
Churaclaim agus Mheasúnachta,  
An Roinn Oideachais agus  
Scileanna, Bloc 2, Sráid  
Maoilbhríde,  
Baile Átha Cliath 1

☎ (01) 8892384



Qualifications, Curriculum  
and Assessment Policy  
Unit,  
Department of Education  
and Skills, Block 2  
Marlborough Street,  
Dublin 1

Fax (01) 8892040

**Circular Letter 0002/2012**

**To: Management Authorities of Second-Level Schools**

## **Prescribed Material for the Junior Certificate and Leaving Certificate Examinations in 2014**

The Department of Education and Skills

- (a) wishes to inform the management authorities of second-level schools that the prescribed material for the Junior Certificate and Leaving Certificate Examinations in 2014 is on the attached list
  
- (b) requests school authorities to give adequate notice of these texts to pupils before the start of the relevant school year.

---

**Chuíg: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal**

### **Ábhar atá Leagtha Síos do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh agus Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2014**

Is mian leis an Roinn Oideachais agus Scileanna

- (a) a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta scoileanna dara leibhéal gurb ar an liosta iniata atá an t-ábhar atá leagtha síos do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh agus do Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2014
  
- (b) a iarraidh ar údaráis bhainistíochta dóthain réamhfhógra faoi na téacsanna seo a thabhairt do dhaltáí roimh thús na scoilbhliana atá i gceist.

Margaret Kelly  
Principal Officer

February 2012

## THE JUNIOR CERTIFICATE, 2014

1. In the case of the subjects Art, Craft, Design; Business Studies; Civic, Social and Political Education; Classical Studies; English; Environmental and Social Studies; Ancient Greek; Jewish Studies; History and Geography; Home Economics; Irish; Italian; Materials Technology (Wood); Music; Religious Education; Science; Spanish; Technical Graphics; Typewriting; Mathematics; and Latin (see the prescribed material below), the examination in 2014 will be based on the Junior Certificate syllabuses in those subjects which have been issued to second-level school authorities.

## AN TEASTAS SÓISEARACH, 2014

I gcás na n-ábhar Ealaín, Ceird, Dearadh; Staidéar Gnó; Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil; Léann Clasaiceach; Béarla; Staidéar Imshaoil agus Sóisialta; Gréigis Ársa; Léann Giúdach; Stair agus Tíreolaíocht; Eacnamaíocht Bhaile; Gaeilge; Iodáilis; Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad); Ceol; Oideachas Reiligiúnach; Eolaíocht; Spáinnis; Grafaic Theicniúil; Clóscríobh; Matamaitic; agus Laidin (féach an t-ábhar atá leagtha síos, anseo thíos), bunófar an scrúdú sa bhliain 2014 ar shiollabais an Teastais Shóisearaigh sna hábhair sin atá eisithe chuig údaráis scoileanna dara leibhéal.

**N.B. Website for syllabuses: [www.education.ie](http://www.education.ie) > curriculum, syllabus & teaching guidelines > junior certificate > syllabuses in alphabetic order**

**N.B. Láithreán Gréasáin i gcomhair na Siollabas: [www.education.ie](http://www.education.ie) > treoirínite curaclaim, siollabais & múinteoireachta > teastas sóisearach > siollabais in ord aibítire**

**Latin for the Junior Certificate Examination in 2014**  
**Laidin do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh sa bhliain 2014**

<b>Údar (Author)</b>	<b>Gnáthleibhéal (Ordinary Level)</b>	<b>Sleachta sa bhreis don Ardleibhéal (Additional extracts for Higher Level)</b>
Phaedrus	(I), (II)	—
Catullus	—	(VII), (VIII)
Ovid	(XIV), (XVII), (XVIII), (XX), (XXI)	(XV), (XVI), (XIX)
Virgil	(XLVI), (XLVII), (XLVIII), (LII), (LIII)	(L), (LI)
	Sleachta (Extracts) 12; Línte (Lines) 120.	Sleachta (Extracts) 7; Línte (Lines) 80.

### Music

In the case of Music, the prescribed works for the Junior Certificate Examination in 2014 are as prescribed in **Group C (Appendix F)** of the syllabus.

### Ceol

I gcás an Cheoil, is iad na téacsanna atá leagtha síos do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh sa bhliain 2014 ná iad siúd atá leagtha síos i **nGrúpa C (Aguisín F)** an tsiollabais.

**Website:** [www.education.ie](http://www.education.ie) > curriculum, syllabus & teaching guidelines > junior certificate > music syllabus

**Láithreán Gréasáin :** [www.education.ie](http://www.education.ie) > treoirlínte curaclaim, siollabais & múinteoireachta > teastas sóisearach > siollabas an cheoil

**Prescribed Material for Leaving Certificate Examinations 2014**  
**Ábhar atá leagtha síos do Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2014**

**ANCIENT GREEK**

Leaving Certificate (**Ordinary Level**) in 2014: See Syllabus

Leaving Certificate (**Higher Level**) in 2014: -

The Joint Association of Classical Teachers (J.A.C.T.) Greek Course: **The Intellectual Revolution**, (Published by Cambridge University Press) – Pages 60 – 95, inclusive.  
(Selections in Greek and in translation, from Thucydides, Books 6, 7 and 8).

**or**

The Joint Association of Classical Teachers (J.A.C.T.) Greek Course: **A World of Heroes**, (Published by Cambridge University Press) – Pages 100 – 139, inclusive.  
(Selections in Greek and in translation, from Sophocles' *Oedipus Tyrannus*).

**GRÉIGIS ÁRSA**

Scrúdú na hArdteistiméireachta (**Gnáthleibhéal**) sa bhliain 2014: Féach Siollabas

Scrúdú na hArdteistiméireachta (**Ardleibhéal**) sa bhliain 2014: -

Cúrsa Gréigise Chomhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha (J.A.C.T.): **An Réabhlóid Intleachta**, (Arna fhoilsiú ag Preas Ollscoil Cambridge) – Leathanaigh 60 - 95, araon san áireamh. (Sleachta i nGréigis agus i modh aistriúcháin, as Thucydides, Leabhraí 6, 7, agus 8)

**Nó**

Cúrsa Gréigise Chomhchumann na Múinteoirí Clasaiceacha (J.A.C.T.): **Saol na Laochra**, (Arna fhoilsiú ag Preas Ollscoil Cambridge) – Leathanaigh 100 - 139 araon san áireamh. (Sleachta i nGréigis agus i modh aistriúcháin, as Sophocles' *Oedipus Tyrannus*).

**BUSINESS**

In the 2014 Leaving Certificate Examination in Business at Higher level, the Applied Business Question (ABQ), will be based on Units 1, 2 and 3 of the syllabus.

## GNÓ

I Scrúdú Ardteistiméireachta na bliana 2014 sa Ghnó ar an Ardleibhéal, bunófar an Cheist faoi Ghnó Feidhmeach (ABQ), ar Aonaid 1, 2 agus 3 an tsiollabais.

## CLASSICAL STUDIES

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2014: See Syllabus.

## LÉANN CLASAICEACH

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) sa bhliain 2014: Féach Siollabas.

## ENGINEERING

The special topic prescribed for the Leaving Certificate Examination in 2014 is:

**“Basic principles of operation of nuclear power plants.”**

## INNEALTÓIREACHT

Is í an topaic faoi leith atá leagtha síos do Scrúdú na hArdteistiméireachta sa bhliain 2014 ná:

**“Bunphrionsabail oibrithe na stáisiún núicléach.”**

## GAEILGE

Maidir le hábhar atá leagtha síos do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2014, (gnáthleibhéal agus ardleibhéal) díritear aird ar a bhfuil foilsithe ina thaobh seo agus atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ([www.education.ie](http://www.education.ie)) mar atá:

- Siollabais Nuashonraithe na hArdteistiméireachta (gnáthleibhéal agus ardleibhéal) le héifeacht ó 2010

# GAEILGE na hARDTEISTIMÉIREACHTA

## PRÓS AGUS FILÍOCHT DO NA BLIANTA

2010-2012; 2011-2013; 2012-2014

### GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

Mhol an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta gur mar seo a bheadh an cúrsa próis agus filíochta ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal do na blianta 2010-2012, 2011-2013, 2012-2014.

Tá moltaí déanta ag an gComhairle maidir leis an gcúrsa litríochta a bheidh **comónta** don **Ghnáthleibhéal** agus don **Ardleibhéal**. Tá na moltaí atá déanta ag an gComhairle rianaithe anseo thíos.

#### 1. PRÓS: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

1(a) Prós Comónta Ainmnithe NÓ 1(b) Prós: Ábhar Roghnach

##### 1(a) Prós Comónta Ainmnithe:

Seo a leanas na téacsanna ainmnithe próis atá molta don **Ghnáthleibhéal agus** don **Ardleibhéal**.

- (i) *Oisín i dTír na n-Óg* Scéal béaloidis  
as *Seanchas na Féinne* – Niall Ó Dónaill (eagarthóir)  
(An dara heagrán, An Gúm, 1996) [Lgh.69 – 73]
- (ii) *An Gnáthrud* Déirdre Ní Ghrianna  
as *An Gnáthrud* – Déirdre Ní Ghrianna (Coiscéim, 1999) [Lgh.61 – 65]  
nó  
*Seal i Neipeal* Cathal Ó Searcaigh  
as *Seal i Neipeal* – Cathal Ó Searcaigh (Cló Iar-Chonnachta, 2004) [Lgh.78 – 83]  
  
[Dírítear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (ii) thuas idir *An Gnáthrud agus Seal i Neipeal*.]
- (iii) *Dís* Siobhán Ní Shúilleabháin  
as *Í Siúd* – Siobhán Ní Shúilleabháin (Cló Iar-Chonnachta, 1999) [Lgh. 58-63]
- (iv) *Hurlamaboc* Éilís Ní Dhuibhne  
as *Hurlamaboc* – Éilís Ní Dhuibhne (Cois Life, 2007) [Caibidil 1, Lgh. 5 -9 ]
- (v) *Cáca Milis* (Gearrscannán)  
as *Gearrscannáin-DVD* (Bord Scannán na hÉireann & TG4, 2004)  
nó  
*An Lasair Choille* (Gearrdhráma) Caitlín Maude agus Mícheál Ó hAirtneide

as *Caitlín Maude, Dánta, Drámaíocht, agus Prós* – Ciarán Ó Coigligh (Coiscéim, 2005) [Lgh. 125-139]

[Dírítear aird ar an rogha atá ar fáil d'iarrthóirí ag (v) thuas .i. dráma nó scannán.]

## NÓ

### 1(b) **Prós: Ábhar Roghnach - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**

Is den riachtanas é go gcloífí leis na treoracha seo a leanas maidir le hábhar agus le téacsanna cuí a roghnú.

Agus téacsanna oiriúnacha próis á roghnú ba chóir na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

#### (i) **Cineálacha:**

**Cúig** ghiota próis agus ceann amháin díobh ag freagairt do gach ceann ar leith de na cineálacha (i) go (v) thíos:

- (i) **Sliocht béaloidis**
- (ii) **Giota as saothar dírbheathaisnéise/dialann taistil**
- (iii) **Gearrscéal [go huile]**
- (iv) **Giota as úrscéal**
- (v) **Dráma [nó giota as]**  
**nó**  
**Scannán Gaeilge**

(ii) Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear. Glactar leis an ábhar próis ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú, maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.

#### (iii) **Téamaí**

Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú sna giotaí:

- an t-ábhar féin a bheith spéisiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na scoláirí
- baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
- meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
- cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban

#### (iv) **Ábhar nach bhfuil inghlactha**

- Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith giota ar bith próis atá ainmnithe faoi réir Alt 1 (a) thuas 'Prós Comónta Ainmnithe', a úsáid mar ghiota roghnach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa roghnach.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n.

- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith foilsithe.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ar fáil go poiblí agus go héasca don té a bheadh ag iarraidh teacht air.

## 2. FILÍOCHT: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

### 2(a) Filíocht Chomónta Ainmnithe NÓ 2(b) Filíocht: Ábhar Roghnach

#### 2(a) Filíocht Chomónta Ainmnithe:

Seo a leanas na téacsanna ainmnithe filíochta atá molta don **Ghnáthleibhéal** agus don **Ardleibhéal**.

- (i) **An Spailpín Fánach:** (véarsaí 1, 2, 3)  
*Duanaire na Meánteistiméireachta* – Caoimhghin Ó Góilidhe a chuir in eagar. (Eagrán Oifigiúil, Folens, 1975)
- (ii) **Géibheann:** Caitlín Maude  
*Caitlín Maude, Dánta, Drámaíocht, agus Prós* – Ciarán Ó Coigligh (Coiscéim, 2005)
- (iii) **An tEarrach Thiar:** Máirtín Ó Direáin  
*Rogha Dánta* – Máirtín Ó Direáin (Sáirséal agus Dill, 1949)
- (iv) **Mo Ghrá-sa (idir lúibíní):** Nuala Ní Dhomhnaill  
*Féar Suaithinseach* – Nuala Ní Dhomhnaill (An Sagart, 1984)
- (v) **Colscaradh:** Pádraig Mac Suibhne  
*Solas Uaigneach* – Pádraig Mac Suibhne (An Sagart, 1992)

## NÓ

#### 2(b) Filíocht: Ábhar Roghnach - Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Agus téacsanna oiriúnacha filíochta á roghnú ba chóir na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

- (i) **Cineálacha**  
Déantar staidéar ar **chúig** dhán ar fad. Agus na cúig dhán á roghnú ní mór gur sa tréimhse **roimh** 1850 a cumadh **dán amháin** díobh sin.
- (ii) Fad, leibhéal agus caighdeán na teanga san ábhar a roghnaítear. Glactar leis an ábhar filíochta ainmnithe mar threoir chinnte don ábhar atá le roghnú, maidir le fad [toirt], cineál, leibhéal agus caighdeán na teanga.



**(iii) Téamaí**

Tá sé tábhachtach na critéir seo a leanas a chur san áireamh, maidir le téamaí a roghnú ins na dánta:

- an t-ábhar féin a bheith spéisiúil agus baint a bheith aige le raon eispéireas na scoláirí
- baint a bheith ag na téamaí le topaicí agus le feidhmeanna teanga an tsiollabais
- meascán d'ábhar trom agus d'ábhar éadrom a bheith i gceist
- cothromaíocht a bheith idir saothar na bhfear agus saothar na mban
- ceol agus liriciúlacht a chur san áireamh

**(iv) Ábhar nach bhfuil inghlactha**

- Ní bheidh cead ag iarrthóir ar bith dán ar bith atá ainmnithe faoi réir Alt 1 (b) thuas 'Filíocht Chomónta Ainmnithe', a úsáid mar dhán roghnach i bhfreagra ar cheist ar an gcúrsa roghnach.
- Ní bheidh cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as aistriúchá(i)n.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ina bhuntéacs Gaeilge.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith foilsithe.
- Caithfidh gach uile théacs a roghnaítear a bheith ar fáil go poiblí agus go héasca don té a bheadh ag iarraidh teacht air.

**3. LITRÍOCHT BHREISE: ARDLEIBHÉAL**

Ceann **amháin** de na rannóga **3A (Prós Breise) nó 3B (Dánta Breise)** thíos. Tá sé i gceist go ndéanfaidh scoláirí an leibhéal seo saothrú ar phrós breise nó ar dhánta breise nó ar an dá rannóg díobh sin más é sin is rogha leo. Rannóg **amháin** díobh sin a bheidh le freagairt sa scrúdú. Seo a leanas an cúrsa de phrós breise agus de dhánta breise atá molta ag an gCoiste Cúrsa don Ardleibhéal.

**3A: Prós Breise:** Ceann **amháin** de na saothair ainmnithe **(i) – (v)** thíos.

- An Triail* Mairéad Ní Ghráda  
*An Triail* – Mairéad Ní Ghráda (An Gúm, 1978) [go huile]
- A Thig Ná Tit Orm* Maidhc Dainín Ó Sé  
*A Thig Ná Tit Orm* – Maidhc Dainín Ó Sé (Coiscéim, 1987); (C.J Fallon, Meán Fómhair, 2003) [Caibidilí 1 – 8, Lgh. 7 – 62]

(iii) ***Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne***

*Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* – Nessa Ní Shé a chuir in eagar (Longman Brún agus Ó Nualláin, 1971) [Lgh. 1 – 72]

(iv) ***Gafa*** Ré Ó Laighléis

*Gafa* – Ré Ó Laighléis (Móinín, 1996) [Lgh 7 – 64]

(v) ***Canary Wharf*** Orna Ní Choileáin

*Canary Wharf* – Orna Ní Choileáin (Cois Life, 2009)  
(cúig ghearrscéal ainmnithe as na deich ngearrscéal atá sa chnuasach)

- *Saineolaí Teicneolaí* (Lgh. 17 – 32)
- *Canary Wharf* (Lgh. 35 – 48)
- *Cosaint Sonraí* (Lgh. 69 – 86)
- *Cúrsaí Eitilte* (Lgh. 129 – 146)
- *Mil* (Lgh. 149 – 167)
- 

**NÓ**

**3B: Dánta Breise:** Na **cúig** dhán ainmnithe seo a leanas **ar fad (i) – (v)** thíos.

**(i) Leagan 1**

**Caoineadh Airt Uí Laoghair**

Díolaim Filíochta don Ardeistiméireacht: Caoimhghin Ó Góilidhe, (Folens & a Chuid, Tta). (1974) [Línte 1 – 68; 177-188]

Éigse – Duanaire Nua na hArdeistiméireachta, Breandán Ó Conaire – (Mac Goill & Macmillan Teo) (1974) [Línte 1 – 68; 177-188]

Fios Feasa, Alan Harrison/Ursula Ní Dhalaigh (Comhlacht Oideachais na hÉireann) (1974) [Línte 1 – 68; 177-188]

**Leagan 2**

***Caoineadh Airt Uí Laoghair*** Eibhlín Dubh Ní Chonail  
*Caoineadh Airt Uí Laoghair* – Nuachóiriú le Seán Ó Tuama, (An chéad chló, 1961). *Leabhair Thaighde, an Ceathrú hImleabhar* – Seán Ó Tuama, (An Clóchomhar Tta, athchló 2002) [Línte 1-68; 177-188]

**Comhairlítear do mhúinteoirí agus do scoláirí stáidéar a dheanamh ar cheann amháin den lá leagan den dán**

- (ii) ***Fill Arís:*** Seán Ó Riordáin  
*Brosna* – Seán Ó Riordáin (Sáirséal agus Dill, 1964)

- (iii) *A Chlann*: Máire Áine Nic Gearailt  
*Mo Chúis Bheith Beo* – Máire Áine Nic Gearailt (Coiscéim, 1991)
- (iv) *Colmáin*: Cathal Ó Searcaigh  
*Gúrú i gClúidíní* – Cathal Ó Searcaigh (Cló Iar-Chonnachta, 2006)
- (v) *Éiceolaí*: Bidy Jenkinson  
*Baisteadh Gintlí* – Bidy Jenkinson (Coiscéim, 1986)

### **Stair Litríocht na Gaeilge - Ardleibhéal:**

Tá sé molta ag an gComhairle nach mbeadh saincheist ar leith ann feasta ar 'Stair na Gaeilge' ag an Ardleibhéal mar a bhíodh. Moltar áfach, agus staidéar á dhéanamh ar an gcúrsa litríochta, aird a thabhairt i gcónaí ar na saothair agus ar na húdair a shuíomh i gcomhthéacs stair litríocht na Gaeilge. Ó thaobh na measúnachta de, ag an ardleibhéal, is féidir go gcuirfear focheist ghairid ar na gnéithe sin. Eolas faoin údar agus faoi chúlra agus comhthéacs an tsaothair a bheidh á lorg.

Tá mioneolas ar an gcóras measúnachta mar a bhainfidh le scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta (gnáthleibhéal agus ardleibhéal) ón mbliain 2012 amach le fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit ([www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)) mar atá:

- S.90/10 (Nollaig 2010): An Scrúdú Gaeilge san Ardeistimeireacht ó 2012 ar aghaidh (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal)

### **HEBREW STUDIES**

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2014: See Syllabus.

### **LÉANN EABHRACH**

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal) sa bhliain 2014: Féach Siollabas.

### **ITALIAN**

Leaving Certificate (Higher Level) in 2014: -

Italo Calvino, *Marcovaldo*

or

Leonardo Sciascia, *Il giorno della civetta*.

## IODÁILIS

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal) sa bhliain 2014: -

Italo Calvino, *Marcovaldo*

nó

Leonardo Sciascia, *Il giorno della civetta*.

## LATIN

Leaving Certificate (Ordinary and Higher Levels) in 2014: -

Livy, Book XXVI, (Chapters 4 - 27) inclusive)

or

Virgil: *Aeneid*, Book VI (Lines 1 – 534).

## L Aidin

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Gnáthleibhéal agus Ardlleibhéal) sa bhliain 2014: -

Livy, Book XXVI, (Chaibidlí 4 – 27) araon san áireamh)

nó

Virgil: *An Aenéid*, Leabhar VI (Línte 1 – 534).

## MUSIC

In the case of Music, the prescribed works for the Leaving Certificate Examination in 2014 are as prescribed in **Group B (Appendix F)** of the syllabus.

## CEOL

I gcás an Cheoil, is iad na téacsanna atá leagtha síos do Scrúdú na Ardteistiméireachta sa bhliain 2014 ná iad siúd atá leagtha síos i **nGrúpa B (Aguisín F)** an tsiollabais.

## **SPANISH**

Leaving Certificate (Higher Level) in 2014: -

Eduardo Mendoza, 'Sin Noticias de Gurb'.

## **SPÁINNIS**

Scrúdú na hArdteistiméireachta (Ardleibhéal) sa bhliain 2014: -

Eduardo Mendoza, 'Sin Noticias de Gurb'.

### **Syllabuses available on the Website:**

**[www.education.ie](http://www.education.ie) > curriculum, syllabus & teaching guidelines > Leaving Certificate > syllabuses listed in alphabetical order**

### **Siollabais ar fáil ar an Láithreán Gréasáin:**

**[www.education.ie](http://www.education.ie) > curaclam, treoirlínte siollabais agus teagaisc > Ardteistiméireacht > na siollabais liostaithe in ord aibítre**